An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tuairisc ar an gcomhairliúchán ar an Aonad Foghlama Tosaíochta athbhreithnithe *Ullmhú don Obair*

## Clár Ábhar


1. RÉAMHRÁ ..... 1

2. AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN ..... 2

Cuairteanna scoile ..... 2

Suirbhé ar líne ..... 3

3. AISEOLAS ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN: TÉAMAÍ ÉIRITHEACHA ..... 5

Gnéithe an Aonaid Foghlama Tosaíochta athbhreithnithe ar cuireadh fáilte rompu ..... 5

Gnéithe an Aonaid Foghlama Tosaíochta athbhreithnithe a dteastaíonn machnamh breise a dhéanamh orthu ..... 6

Deiseanna agus dúshláin maidir le cur i bhfeidhm ..... 6

4. ÚDAIR MHACHNAIMH AGUS TÁTAL ..... 8

TAGAIRTÍ ..... 9

Aguisín 1: Liosta na Rannpháirtithe: Eagraíochtaí ..... 10

Aguisín 2: Liosta na Rannpháirtithe: Daoine aonair ..... 10

# 1. Réamhrá

In 2022 rinne CNCM athbhreithniú ar Chlár Foghlama Leibhéal 1 (CFL1) agus Clár Foghlama Leibhéal 2 (CFL2) na Sraithe Sóisearaí leis an méid a leanas a mheas: eispéireas theagasc, fhoghlaim agus mheasúnú na gclár seo; agus le príomh-bhreithniúcháin a shainaithint le haghaidh soláthar curaclaim sa tsraith shinsearach (CNCM, 2023a) do scoláirí a thagann amach as na cláir seo. San athbhreithniú sainaithníodh roinnt príomhghníomhartha do CNCM, ar féidir rochtain a fháil orthu anseo. Ba é ceann de na príomhghníomhartha a tháinig amach as an athbhreithniú sin ná an gá leis an Aonad Foghlama Tosaíochta Leibhéal 2 *Ullmhú don Obair* a athmheas, toisc gur léirigh na torthaí go n-oireann an t-ullmhú a bhaineann leis an obair níos mó don soláthar curaclaim sa tsraith shinsearach.

Bunaíodh Meitheal Forbartha um Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) Iar-bhunscoile in 2022 le tacú le forbairtí curaclaim RSO ag leibhéal na hiar-bhunscoile. I ndiaidh bhreithniúcháin na Meithle Forbartha rinneadh dréacht nuashonraithe den Aonad Foghlama Tosaíochta, a athainmníodh Scileanna Saoil. Faomhadh an dréachtsonraíocht seo le haghaidh comhairliúchán poiblí i mí na Nollag 2024 agus is féidir rochtain a fháil uirthi anseo. Ba é aidhm an chomhairliúcháin seo tuairimí oscailte agus ionraice a lorg maidir leis an dréacht-Aonad Foghlama Tosaíochta seo.

Sa tuarascáil seo tiomsaítear aiseolas na scoláirí, na múinteoirí, na dtuismitheoirí agus na gceannairí scoile ó phróiseas comhairliúcháin a rinneadh ó Eanáir go Feabhra 2025. I gcuid 2 den tuarascáil seo cuirtear síos ar an bpróiseas comhairliúcháin, le hachoimre ar na téamaí éiritheacha i gcuid 3 ina dhiaidh sin. I gcuid 3 áirítear freisin achoimre ghairid ar an aiseolas a fuarthas ó rannpháirtithe a thiteann lasmuigh d'fhócas an chomhairliúcháin seo. I gcuid 4 tugtar breac-chuntas ar na breithniúcháin a tháinig amach as gcomhairliúcháin agus leis sin tagann an tuarascáil chun críche.

# 2. An Próiseas Comhairliúcháin

Príomhghné d'obair CNCM is ea an comhairliúchán toisc go bhfeidhmíonn sé mar bhonn taca faoin gcomhairle maidir le forbairt curaclaim in Éirinn. Déanann an t-aiseolas ó scoileanna, ó chomhpháirtithe oideachais, ó pháirtithe leasmhara eile agus ón bpobal i gcoitinne eolas don chomhairle sin. Sa chuid seo tugtar breac-chuntas ar an dóigh ar bailíodh an t-aiseolas sin agus a ndearnadh anailís air leis an tuarascáil seo a ullmhú. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go ndíríonn an comhairliúchán sa chás seo, i gcodarsnacht leis an taighde, ar bheartas agus ar chleachtas, seachas ar an teoiric. Tá na prionsabail atá leagtha amach i Straitéis Taighde CNCM (2023 - 2026) (CNCM, 2023b) mar bhunús leis an gcur chuige a dtugtar breac-chuntas air sa chuid seo agus ina soláthraítear achoimre ar an rannpháirteachas comhairliúcháin.

Ceapadh an t-athbhreithniú le haiseolas a fháil ar dhréachtleagan athbhreithnithe den Aonad Foghlama Tosaíochta *Ullmhú don Obair*, agus *Aonad Foghlama Tosaíochta Scileanna Saoil* mar theideal oibre air. Dhírigh an cur chuige sin ar thrí cheist uileghabhálacha a liostaítear thíos:

- Céard a thaitníonn leat faoin Aonad Foghlama Tosaíochta seo?
- Cad iad na ceisteanna atá agat maidir leis an Aonad Foghlama Tosaíochta seo?
- An bhfuil aon aiseolas eile agat maidir leis an Aonad Foghlama Tosaíochta seo?

Chun réimse leathan de thuairimí a bhailiú mar fhreagairt ar na ceisteanna atá leagtha amach thuas, baineadh feidhm as cur chuige modhanna measctha le linn an athbhreithnithe, lenar áiríodh 10 gcuairt ar scoileanna agus suirbhé ar líne. Spreagadh rannpháirtíocht sa chomhairliúchán ar go leor bealaí, lena n-áirítear suíomh gréasáin CNCM, ardáin meán sóisialta agus fógraí a cuireadh chuig eagraíochtaí oideachais agus páirtithe leasmhara ag a bhfuil spéis ar leith san oideachas ionchuimsitheach agus san oideachas speisialta.

## Cuairteanna scoile

Roghnaíodh sampla ionadaíoch deich scoil ó 88 scoil a léirigh spéis chun páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán maidir le forbairtí curaclaim dírithe ar an oideachas speisialta. Roghnaíodh na deich scoil trí úsáid a bhaint as critéir a bhaineann le cothromaíocht idir scoileanna speisialta agus scoileanna príomhshrutha (5 scoil speisialta agus 5 scoil phríomhshrutha), méid na scoile, cineál na scoile agus a stádas DEIS. Cuireadh réimse geografach san áireamh freisin le dearcthaí a fháil fud fad na tíre. Lorgaíodh aontú an scoláire agus cead tuismitheora d'aon scoláire a bhí ag glacadh páirt sna fócasghrúpaí scoilbhunaithe. Rinneadh taifeadadh scríofa ar na seisiúin phlé ar fad le linn na gcuairteanna scoile. I dTábla 1 tugtar eolas faoi bhriseadh anuas na rannpháirtithe a ghlac páirt sna comhairliúcháin scoilbhunaithe.

**Tábla 1: Briseadh anuas na rannpháirtithe ar chuairteanna comhairliúcháin scoilbhunaithe**

| Rannpháirtithe | Líon na bhfreagróirí |
|---|---|
| Múinteoirí oideachais príomhshrutha agus oideachais speisialta | 10 |

| | |
|---|---|
| Múinteoirí Ranga Speisialta | 6 |
| Múinteoirí i Scoil Speisialta | 23 |
| Leas-Phríomhoidí | 7 |
| Príomhoidí | 6 |
| Scoláirí | 43 |
| Tuismitheoirí/Caomhnóirí | 11 |

Ar cheann de na pointí le tabhairt faoi deara i mbriseadh anuas na rannpháirtithe tá méid mór na scoláirí a ghlac páirt sna comhairliúcháin scoilbhunaithe. Chuir tuairim an scoláire léargas luachmhar ar fáil do phróiseas an chomhairliúcháin. Bhain siad úsáid as foirmeacha éagsúla cumarsáide le tacaíocht ó fhoireann na scoile, amhail áiseanna briathartha agus amhairc agus trína seifteanna Cumarsáide Breisithí agus Malartaí (CBM). Chuir siad in iúl na gníomhaíochtaí ar bhain siad sult astu ar scoil, na rudaí nár thaitin leo agus a smaointe maidir leis an gcaoi arbh fhéidir an scoil a fheabhsú dóibh. Leis sin bhíothas in ann faisnéis ábhartha a bhailiú chun tacú le forbairt an Aonaid Foghlama Tosaíochta seo.

## Suirbhé ar líne

Osclaíodh an suirbhé ar líne an 6 Eanáir agus d'fhan sé ar oscailt le haighneachtaí go dtí an 28 Feabhra 2025. I dTábla 2 tugtar eolas faoi bhriseadh anuas na bhfreagróirí a rinne an suirbhé. Baineadh úsáid as cur chuige féinroghnaithe samplála le haghaidh an tsuirbhé ar líne, inar cuireadh fáilte roimh pháirtithe leasmhara freagairt. Bhí an suirbhé ar líne oscailte do dhaoine aonair nó dóibh siúd ar mhian leo freagra a thabhairt thar ceann eagraíochta.

**Tábla 2: Briseadh anuas ar fhreagróirí an tsuirbhé ar líne**

| Rannpháirtithe | Líon na bhfreagróirí |
|---|---|
| Múinteoirí Príomhshrutha agus Oideachais Speisialta | 13 |
| Múinteoirí Ranga Speisialta | 12 |
| Múinteoirí i Scoil Speisialta | 5 |
| Príomhoidí (Scoil Speisialta) | 1 |
| Tuismitheoirí/Caomhnóirí | 3 |
| Daoine eile (Comhordaitheoir Riachtanas Speisialta Oideachais) | 1 |
| Aighneachtaí ó Eagraíochtaí | 4 |

Tá na heagraíochtaí agus na daoine aonair a chuir aighneachtaí isteach ar líne agus ar mhian leo a bheith luaite liostaithe in Aguisíní 1 agus 2.

Coinníodh na sonraí ar fad ón gcomhairliúchán mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (CNCM, 2023c). Coinníodh príobháideachas na rannpháirtithe ar fad tríd an anaithnidiú, ach amháin sa chás gur thug eagraíocht cead soiléir í a aithint mar rannpháirtí sa chomhairliúchán. Baineadh úsáid as cur chuige téamach chun anailísiú a dhéanamh ar an aiseolas agus bhí sé frámaithe de réir ceisteanna uileghabhálacha laistigh den chomhairliúchán. Chabhraigh sé sin chun téamaí san aiseolas a bailíodh a shainaithint agus a anailísiú agus cuirtear achoimre ar an anailís sin i láthair sa chéad chuid eile.

# 3. Aiseolas ón gcomhairliúchán: téamaí éiritheacha

Sa chuid seo tá léargas ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin. Rangaíodh na torthaí de réir na réimsí seo a leanas atá ailínithe leis na ceisteanna uileghabhálacha a cuireadh sa chomhairliúchán:

- Cad iad gnéithe an Aonaid Foghlama Tosaíochta athbhreithnithe a gcuirtear fáilte rompu?
- Cad iad gnéithe an Aonaid Foghlama Tosaíochta athbhreithnithe a dteastaíonn machnamh breise a dhéanamh orthu?
- Na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann leis an Aonad Foghlama Tosaíochta a chur i bhfeidhm.

## Gnéithe an Aonaid Foghlama Tosaíochta athbhreithnithe ar cuireadh fáilte rompu

I gcoitinne, cuireadh fáilte roimh aistriú an fhócais ó ghníomhaíochtaí a bhaineann le hobair go scileanna atá oiriúnaitheach don saol laethúil agus measadh go raibh an tAonad Foghlama Tosaíochta ábhartha do scoláirí a leanann CFL2 sa tsraith shóisearach. Tá sé sin ag teacht le torthaí an athbhreithnithe níos leithne ar chláir Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 de chuid na Sraithe Sóisearaí (CNCM, 2023a). Cuireadh síos ar an Aonad Foghlama Tosaíochta mar 'níos inrochtana' i gcomparáid leis an Aonad Foghlama Tosaíochta *Ullmhú don Obair* roimhe seo agus bhíothas sásta le gontacht na cáipéise. Ar an iomlán, tugadh le fios san aiseolas go gcothaíonn an tAonad Foghlama Tosaíochta neamhspleáchas de bharr go ndíríonn sé ar an bhforbairt phearsanta agus go dtacaíonn sé le rannpháirteachas na scoláirí sa phobal áitiúil chomh maith. D'aithin na rannpháirtithe freisin gur léiríodh an t-aistriú fócais seo in athrú theideal an Aonaid Foghlama Tosaíochta.

Chonacthas do na rannpháirtithe chomh maith gur rud dearfach é a aithint gur cheart dóibh a spéiseanna féin a fhorbairt, toisc gur rud é a d'fhéadfadh feabhas a chur ar a saol laistigh agus lasmuigh den scoil araon. Ar an dóigh chéanna, cuireadh fáilte roimh an nóta treorach le díriú ar ghníomhaíochtaí mar an bealach le torthaí foghlama a bhaint amach. Tríd is tríd, tuairiscíodh go raibh na torthaí foghlama soiléir, ábhartha agus inoiriúnaithe thar thimpeallachtaí foghlama difriúla agus tá an deis ann do scoláirí dul i dtaithí ar na torthaí foghlama nó iad a bhaint amach i dtimpeallacht ionchuimsitheach le comhscoláirí eile trí ghníomhaíochtaí ranga, scoile nó pobalbhunaithe.

Thug roinnt rannpháirtithe faoi deara freisin go mbeidh scoláirí ullmhaithe tríd an Aonad Foghlama Tosaíochta seo d'eispéiris oibre a d'fhéadfadh a bheith acu sa tsraith shinsearach. Luaigh scoláirí freisin gur maith leo gníomhaíochtaí agus eispéiris a bhaineann le hobair, cé acu scoilbhunaithe nó sa phobal áitiúil, trína bhféadfadh siad a bheith ullmhaithe do shocrúcháin oibre sa tsraith shinsearach agus ina diaidh.

Cuireadh fáilte mhór roimh na gnéithe praiticiúla den Aonad Foghlama Tosaíochta, agus aithníodh go raibh sé bunaithe ar chur chuige scoláire-lárnaithe. Go sonrach, aithníodh go raibh na codanna faoin tsláinte agus sábháilteacht agus faoi aistrithe a bhainistiú praiticiúil agus tacúil maidir le

rochtain na scoláirí ar an bhfoghlaim thar gach réimse den churaclam. Ar an dóigh chéanna, cuireadh fáilte roimh na torthaí foghlama a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht toisc gur measadh go raibh siad réamhriachtanach don fhoghlaim ar fad ar scoil agus sa phobal níos leithne.

Shíl rannpháirtithe ó chomhthéacs na scoileanna speisialta gur dhearbhaigh an t-athrú ar an Aonad Foghlama Tosaíochta a gcleachtas reatha agus iad ag cur síos ar na heispéiris foghlama a cheapann siad lena scoláirí a ullmhú d'aistrithe go dtí an tsraith shinsearach agus i leith na haosachta. Aithníodh go raibh na torthaí foghlama a bhaineann le haistrithe a bhainistiú tábhachtach go háirithe do scoláirí tar éis CFL1 agus CFL2 sa tsraith shóisearach.

San aiseolas ó thuismitheoirí, cuireadh béim ar thábhacht straitéisí rialúcháin agus ar cé chomh tábhachtach is atá sé na straitéisí sin a fhorbairt do shaol laethúil a gcuid páistí freisin. Labhair roinnt múinteoirí agus príomhoidí go raibh an rialúchán ríthábhachtach le lá rathúil foghlama a chinntiú ar scoil. Dúirt scoláire amháin go raibh a rang speisialta ina thearmann ó thorann agus ruaille buaille na timpeallachta príomhshrutha. Ina theannta sin, san aiseolas ó chomhairliúcháin na gcuairteanna scoile, cuireadh béim ar an tábhacht a bhaineann leis an bpríomhphearsanra a shainaithint atá in ann tacú leis an scoláire le linn tréimhsí aistrithe. Bhí rannpháirtithe sásta gur léiríodh na príomhghnéithe foghlama sin sna torthaí foghlama.

## Gnéithe an Aonaid Foghlama Tosaíochta athbhreithnithe a dteastaíonn machnamh breise a dhéanamh orthu

Tríd is tríd, cuireadh fáilte mhór roimh an leibhéal dúshláin, solúbthachta agus na torthaí foghlama a bhaineann le sláinte agus sábháilteachta, agus roimh leibhéal na rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí. Rinneadh roinnt moltaí le hinrochtaineacht na dtorthaí a fheabhsú agus sainaithníodh gnéithe den Aonad Foghlama Tosaíochta a d'fhéadfaí a neartú chun feabhas a chur ar an tionchar foriomlán ar fhoghlaim na scoláirí. Go sonrach, luadh pointí le meas sna codanna faoi thorthaí foghlama a bhaineann le cuspóirí a shocrú agus aistrithe a bhainistiú.

Bhí na tuairimí measctha maidir le torthaí foghlama a bhaineann le cuspóirí a shocrú. Ar an taobh amháin, bhí rannpháirtithe sásta gur cuireadh na torthaí foghlama sin san áireamh agus cuireadh fáilte roimh an bhfócas sainoiriúnaithe a tugadh isteach i bhfoghlaim na scoláirí. Ar an taobh eile, dúirt roinnt rannpháirtithe go raibh na torthaí foghlama sin dúshlánach do roinnt scoláirí, agus bhí rannpháirtithe eile ar thóir torthaí foghlama níos dúshlánaí le taithí agus eolas a gcuid scoláirí a fhorbairt maidir le cuspóirí a shocrú.

Cé gur cuireadh fáilte roimh na torthaí foghlama a bhaineann le haistrithe agus féinrialú, bhí éileamh ann freisin an fhoclaíocht a athrú go cur chuige atá níos néaraidhearfaí, chun a chinntiú nach dtiteann an fhreagracht ar fad as féinrialú ar an scoláire féin. Tharraing na scoláirí féin aird ar an ngá le deiseanna a chur ar fáil chun scíth a ligean le linn an lae scoile freisin.

## Deiseanna agus dúshláin maidir le cur i bhfeidhm

Cé go raibh sé lasmuigh d'fhócas an chomhairliúcháin, ní nach ionadh, chuir na rannpháirtithe aiseolas ar fáil a bhain le cur i bhfeidhm an Aonaid Foghlama Tosaíochta. Sa chuid seo den tuarascáil, cuirtear achoimre ghairid ar fáil ar na deiseanna agus dúshláin a shainaithin na rannpháirtithe.

Bhí éileamh ann ó mhúinteoirí go soláthrófaí acmhainní teagaisc agus ábhair aoisoiriúnacha in éineacht leis an Aonad Foghlama Tosaíochta chun tacú lena chur i bhfeidhm, agus na múinteoirí ag aithint cé chomh fóinteach is a bhíonn acmhainní agus ábhair theagaisc leis an bpróiseas teagaisc agus foghlama a threorú.
Moladh freisin gur cheart struchtúir a fhorbairt, amhail spás ar líne, go háirithe do CFL1 agus CFL2 sa tsraith shóisearach, spás ina bhféadfadh múinteoirí acmhainní agus ardinniúlacht a chomhroinnt.

Labhair rannpháirtithe eile faoi na hacmhainní airgeadais agus pearsanta a theastaíonn chun eispéiris foghlama éifeachtacha a chur ar fáil lasmuigh den scoil. Mar shampla, nuair atá príomhoidí agus múinteoirí ag iarraidh scil a ghinearálú agus foghlaim a bhaint amach a bhaineann le turas a phleanáil, tá sé níos fearr é sin a chleachtadh i suíomh fíorshaoil, rud a bhfuil impleachtaí airgeadais agus pearsanra i gceist leis. D'éiligh scoileanna tacaíocht le rochtain a fháil ar iompar inacmhainne agus an pearsanra a theastaíonn chun dul i ngleic le riachtanais sláinte agus sábháilteachta na scoláirí. Thug rannpháirtithe faoi deara go raibh tacaíochtaí teiripeacha in easnamh i scoileanna freisin, rud a théann i bhfeidhm ar inniúlacht na scoláirí páirt a ghlacadh in eispéiris foghlama.

Éilíodh tacaíochtaí foghlama gairmiúla breise chomh maith chun múinteoirí a threorú agus chun tacú leo agus iad ag cur CFL1 agus CFL2 na Sraithe Sóisearaí i bhfeidhm sna suíomhanna éagsúla. Chun cur i bhfeidhm rathúil na nAonad Foghlama Tosaíochta a éascú i dtimpeallacht ionchuimsitheach, tugadh faoi deara go bhfuil gá le foghlaim ghairmiúil i measc na foirne iomláine, ní amháin gá le soláthar foghlama gairmiúla dóibh siúd atá i róil theagaisc i scoileanna speisialta nó ranganna speisialta agus i róil oideachais speisialta. Sa bhreis ar thacaíochtaí foghlama gairmiúla, sainaithníodh am do ghairmithe le comhoibriú lena chéile agus am riaracháin do chomhordaitheoirí riachtanas speisialta oideachais mar phríomhchumasóirí maidir le tacú le cur i bhfeidhm rathúil.

Cosúil leis an athbhreithniú ar CFL1 agus CFL2 na Sraithe Sóisearaí roimhe seo (CNCM, 2023a), luadh pointí faoi aitheantas as foghlaim na scoláirí. Díríodh ar an tábhacht a bhí i gceist le Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí a fhoilsiú ag an am céanna le torthaí na scrúduithe stáit le cinntiú go dtugtar aitheantas do ghnóthachtálacha na scoláirí go léir ag an am céanna, beag beann ar an gcuraclam a leanann siad.

## 4. Údair Mhachnaimh agus Tátal

Tháinig plé saibhir chun cinn tar éis an chomhairliúcháin ar an Aonad Foghlama Tosaíochta athbhreithnithe seo, *Scileanna Saoil*, agus le haiseolas an chomhairliúcháin cuireadh treoir agus comhairle ar fáil don Mheitheal Forbartha agus an tsonraíocht churaclaim don Aonad Foghlama Tosaíochta seo á tabhairt chun críche. Tríd is tríd, cuireadh fáilte roimh an aistriú fócais ó ghníomhaíochtaí atá bunaithe ar obair go scileanna an tsaoil laethúil a thacaíonn le rannpháirteachas san fhoghlaim ar feadh an tsaoil, agus neartóidh an t-aistriú sin soláthar an churaclaim sa tsraith shóisearach agus cuirfidh sé bealach ar fáil le dul chun cinn i sraith shóisearach athfhorbartha. Mheas an Mheitheal Forbartha na réimsí a moladh lena bhfeabhsú agus comhroinnfear aiseolas a bhaineann le cur i bhfeidhm an Aonaid Foghlama Tosaíochta leis an Roinn Oideachais agus Óige agus leis na gníomhaireachtaí ábhartha lena mheas.

# Tagairtí

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2023a) Athbhreithniú ar Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 CNCM

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2023b) Straitéis Taighde, 2023 - 2026 | CNCM CNCM

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2023c) Beartas Cosanta Sonraí CNCM

## Aguisín 1: Liosta na Rannpháirtithe: Eagraíochtaí

Seo a leanas liosta de na heagraíochtaí a thug freagairt ar an suirbhé ar líne agus a léirigh a mian a bheith liostaithe mar rannpháirtí sa tuarascáil seo.

St. Joseph’s Adolescent School
Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí
Ionchuimsiú Éireann

## Aguisín 2: Liosta na Rannpháirtithe: Daoine aonair

Seo a leanas liosta de dhaoine aonair a thug freagairt ar an bhfoirm ar líne, agus ar mhian leo a bheith liostaithe mar rannpháirtí sa tuarascáil seo.

Evelyn Sorohan
Aisling Martin
Nuala Fee
Simon O’ Leary
Alice O’ Connor
Carolanne Mullooly
Natasha Homan
Leona Leonard
Karen Fahy
Nicola McCann
Aoife Power
Gina Grant
Fionnuala Gallagher
K Deens
Philip Ryan

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment